



THE LABOUR COURT

An Chúirt Oibreachais

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2018

Arna cur faoi bhráid an Aire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta

faoi Alt 23(1) den Acht Caidrimh Thionscail, 1946

Clár Ábhar

An Chúirt Oibreachais de réir Figiúirí (2018)	3
Brollach leis an gCathaoirleach	4
Caibidil 1 Feidhmeanna na Cúirte Oibreachais	9
1.1 Réamhrá Ginearálta	9
1.2 Caidreamh Tionsclaíoch	9
1.3 Cearta fostaíochta	11
1.4 Struchtúr na Cúirte Oibreachais	12
Caibidil 2 Léirmheas ar an mBliain	14
2.1 Ceannlínte	14
2.2 Achomhairc chun na Cúirte	15
2.3 Cásanna críochnaithe	16
2.4 Éisteachtaí sceidealaithe	17
2.5 Cásanna Caidrimh Thionsclaíoch	18
2.6 Cásanna cearta fostaíochta	19
Caibidil 3 Tarchuir aighnis	20
3.1 Treocht cúig bliana 2014 – 2018	20
3.2 An timpeallacht chaidrimh thionsclaíoch in 2018	20
Caibidil 4 Gníomhaíochtaí eile le linn 2018	21
4.1 Comhchoistí Oibreachais	21
4.2 Orduithe Rialaithe Fostaíochta	21
4.3 Comhchomhairlí Tionsclaíocha	22
4.4 Comhaontuithe Fostaíochta Cláraithe	22
4.5 Orduithe Fostaíochta Earnála	23
4.6 Éisteachtaí bréige na Cúirte Oibreachais	23
4.7 Seirbhísí inmheánacha	23
Aguisín 1: Staidreamh ar chaidreamh tionsclaíoch	25
Aguisín 2: Staidreamh cearta fostaíochta	27
Aguisín 3: Comhchomhairlí Tionsclaíocha Cláraithe	32
Aguisín 4: Faisnéis bhreise	33
Aguisín 5: Tuarascáil airgeadais don bhliain 2018	34
Aguisín 6: Clár Oibre na Cúirte Oibreachais don bhliain 2018	35

An Chúirt Oibreachais de réir Figiúirí (2018)



1,169 achomharc



945 éisteachtaí sceidealaithe



679 cásanna críochnaithe



13 comhalta



*17 ball foireann cúirte (coibhéis
lánaimseartha)*



11 láithreán



caiteachas de €2.9m

Brollach leis an gCathaoirleach

Léargas Ginearálta

Is eagraíocht í an Chúirt Oibreachais a bhfuil dhá ‘aghaidh’ aici sa mhéid is go bhfuil príomhfheidhmeanna reachtúla aici sa chaidreamh tionsclaíoch chomh maith le feidhmeanna ar leith sa dlí fostaíochta. Fágтар, mar gheall ar an gcreat reachtúil seo, gur beag nach institiúid iomlán ar leith í an Chúirt ar bhonn domhanda i gcomhthéacs socrúithe atá cistithe ag an Stát chun díospóidí a réiteach idir fostóirí agus oibrithe. Ar thaobh amháin den phingin, sholáthair an Chúirt, ó 1946 ar aghaidh, seirbhís caidrimh thionsclaíoch inar féidir díospóidí nár éirigh leis na páirtithe a réiteach iad féin nó le cabhair ón gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre (WRC), a atreorú dá deoin chuig an gCúirt go dtabharfar ‘tuairim’ orthu i bhfoirm Mholadh na Cúirte nach bhfuil ceangailteach ar na páirtithe. Ar leith uaidh sin, ó Dheireadh Fómhair 2015, is í an Chúirt an comhlacht aonair achomhairc do gach gearán a dhéantar faoi chorp an dlí fostaíochta. Bronnann an ról sin feidhmeanna ceangailteacha cinnteoireachta ar an gCúirt sa dlí. Is féidir na Cúirte dá leithéid a achomharc ar phointe dlí leis an Ard-Chúirt ach is críochnaitheach agus in-fheidhmithe na cinntí siúd seachas sin.

Tugann an Chúirt faoin dúshlán a shárú a bhaineann leis na feidhmeanna seo a sholáthar ar bhealach inniúil agus saineolach. Mar gheall ar an uaillmhian sin, éilítear ar an gCúirt go léireofar eolas agus tuiscint ar nádúr agus ar fheidhmiú na gcaidreamh fostaíochta agus ar an gcomhthéacs eacnamaíoch ina bhfeidhmíonn na caidrimh sin. Go háirithe, ní mór go léireodh an Chúirt tuiscint ar bheatha thionsclaíoch na tíre lena n-áirítear an tslí ina n-oibríonn an chomhchaidreamh san fostaíocht Éireannach. Anuas air sin, caithfidh an Chúirt ardleibhéal inniúlachta a sholáthar agus a léiriú i limistéar an dlí fostaíochta.

Ciallaíonn an dá dhúshlán sin nach mór don Chúirt brath ar chúlra caidrimh thionsclaíoch agus ar thaithí a comhaltaí chomh maith le saineolas i ndlí fostaíochta ar thaobh na gcomhaltaí sin. Ó thaobh chomhaltaí na Cúirte de, léiríonn siad tiomantas do chomhaltaí aonair na Cúirte chun foghlaim agus chun tabhairt faoi fhorbairt ghairmiúil leanúnach, i dtaobh an dlí, faoi mar a thagann sé chun cinn agus caidreamh tionsclaíoch agus fostaíochta a chur ar bun, faoi mar a thagann forbairt orthu. Baineann comhaltaí aonair na Cúirte leas as a gcúlra de shaineolas sa dlí agus i gcaidreamh tionsclaíoch agus cuireann siad leis an taithí dhomhain sin tríd an fhoghlaim. Tá an Chúirt tiomanta dó thacú leis an mbealach seo chun seirbhís ardchaighdeán a chur ar fáil trí chlár foghlama inmheánacha agus trí thacaíocht do rannpháirtíocht na mball i gclár staidéir agus foghlama a chur ar fáil go seachtrach.

Léiríonn sé luach agus rath na Cúirte go nglactar le tromlach mór a Moltaí caidrimh thionsclaíoch go saorálach ag na páirtithe d’ainneoin go raibh easaontú i gceist a fhad leis an gCúirt. Ar aon dul leis sin, rinne obair na Cúirte i ndíospóidí cearta fostaíochta leibhéal an- bheag d’achomharc leis an Ard-Chúirt ar phointí dlí nó athbhreithniú breithiúnach a eascraíonn as a cinntí. In aghaidh na mbeart siúd, is féidir a mhaíomh go cothrom go leanann an Chúirt le seirbhís ardchaighdeán neamhchlaonta

a sholáthar a fhreastalaíonn ar fhíor-riachtanais oibrithe agus fostóirí agus a n-ionadaithe, Ceardchumann agus eagraíochtaí fostóirí ina measc. Croíthiomantas den Chúirt Oibreachais is ea go leanfaidh sí le bheith ábhartha agus oiriúnach i gcónaí do riachtanais fostóirí, oibrithe agus an gheilleagair i gcoitinne, trí thiomantas do shármhaitheas sa chinnteoireacht agus seirbhís neamhchlaonta a sholáthar.

Tá an creat um réiteach díospóidí institiúideacha caidrimh thionsclaíoch ag an WRC agus atreorú ar aghaidh chuig an gCúirt nuair is gá fós mar chuid lárnach dár gcóras caidrimh thionsclaíoch. Bhí feidhmiúlacht agus ábharthacht an chreata sin ag brath i gcónaí ar shaineolas agus ar thiomantas fhoireann Sheirbhís Idir-réitigh an WRC agus chomhaltaí na Cúirte Oibreachais. Sa chás go mbíonn díospóid ann, is é iontaoibh agus muinín na daoine atá sna páirtithe a chuireann leis an gcreidiúnacht sin ar a bhfuil na hinstiúidí ag brath. Léirítear sa leibhéal íseal gníomhaíochta díospóide sa gheilleagar go ginearálta in 2018 an tiomantas leanúnach atá ann do shármhaitheas i seachadadh seirbhíse na n-institiúidí.

Is i limistéar na ndíospóidí a thagann chun solais faoi chorp an dlí fostaíochta is mó ar tugadh an t-athrú ba mhó ann ar an mbonneagar réitigh díospóide ag eascairt as an Acht um Chaidreamh san Ionad Oibre 2015. Ós rud é go bhfuil na hamfhrámaí a ghlacann sé ar úsáideoirí chun críochnaitheacht a bhaint amach ina ndíospóidí atá bunaithe ar chearta fostaíochta i bhfad níos lú ná mar a ghlac sé roimhe seo, tugtar le fios go soiléir go bhfuil an uailmhian chun seirbhís ‘den chéad scoth’ a sholáthar d’fhóistoirí agus oibrithe á baint amach. Tugtar tacaíocht breise leis na rátaí ísle achomhairc chuig an gCúirt agus achomharc ar aghaidh chuig an Ard-Chúirt don argóint go bhfuil athrú céimneach bainte amach ag an mbonneagar athchóirithe ar chaighdeán na seirbhíse a chuirtear ar fáil don phobal.

Tháinig borradh faoin líon achomharc a rinneadh leis an gCúirt Oibreachais ar chinntí a rinne Oifigigh Bhreithnithe faoin dlí fostaíochta i ndiaidh gur ritheadh Acht 2015. Tháinig méadú ar líon achomharc dá leithéid suas ó 399 in 2015 go dtí 770 in 2018. Sa mhéadú seo sa líon achomharc, léirítear go raibh na modhanna go léir chun achomharc a dhéanamh á dtabhairt le chéile chun bealach amháin chun achomharc a dhéanamh díobh, leis an gCúirt Oibreachais, seachas aon treocht atá ag teacht chun cinn de dhíospóireacht mhéadaithe idir fostóirí agus oibrithe a eascraíonn as cearta fostaíochta faoin dlí.

Is eol don Chúirt Oibreachais an gá atá ann cabhrú le húsáideoirí agus úsáideoirí féideartha a thuiscint gur comhlachtaí reachtúla ar leith iad an Chúirt Oibreachais agus an CCÁO a bhfuil róil ar leith acu le comhlíonadh feadh an bhealaigh a fhad le díospóidí fostaíochta a réiteach. Cuireann an tuiscint sin barr feabhais ar éifeachtúlacht an bhealaigh iomláin réitigh díospóide institiúide. Lean obair ar aghaidh i rith 2018 chun an teist atá ag an gCúirt a fhorbairt trína láithreacha litríochta agus gréasáin. Mar thoradh ar an obair sin, seoladh www.labourcourt.ie i mBealtaine 2019 atá neamhspleách agus éagsúil óna shuíomh a raibh sé le fáil roimhe sin, www.workplacerelations.ie. Creideann an Chúirt go gcuirfear, leis an mbéim leanúnach a chuirtear ar leithneacht na Cúirte Oibreachais a bhunú ó aon institiúid eile si gcóras réitigh díospóide an Stáit, leis an gcoincheap gur

'chúirt rogha deiridh' is í an Chúirt i gcúrsaí caidrimh thionsclaíoch agus gurb í an t-aon comhlacht um achomhairc le haghaidh cúrsaí dlí fostaíochta. Trí aitheantas ar leith dá leithéid a bheith bainte amach ag an gCúirt, cuirfear leis na dinimic sheachadta seirbhíse éifeachtaigh a bhaineann le feidhmeanna reachtúla na Cúirte.

An Nuálaíocht

Chun tacú lena fheidhmeanna reachtúla, chuir an Chúirt Oibreachais roinnt tionscnamh ar aghaidh le linn 2018.

I mí Mheán Fómhair 2018, thosaigh an Chúirt Oibreachais ag foilsíú sceideal seachtainiúil de na cásanna cearta fostaíochta atá le héisteacht ar a láithreán gréasáin. Táthar ag súil leis go gcruthófar an deis, mar gheall ar an rochtain feabhsaithe ar fhaisnéis seo maidir le clár oibre na Cúirte, an deis don phobal agus d'úsáideoirí ionchasacha na Cúirte tuiscint a bheith acu ar conas a oibríonn an Chúirt, agus go n-éascófar dóibh rochtain a fháil ar an gCúirt go muiníneach.

Faoi láthair, is le haighneachtaí páipéarbhunaithe a riartar achomhairc, iarratais agus atreoruithe chuig an gCúirt Oibreachais. Ar aon dul le cuspóir an Rialtais a bheith ina cheannaire i soláthar seirbhísí rialtais dhigitigh, tá tús curtha, sa Chúirt Oibreachais, le tionscadal chun a cuid gníomhaíochtaí a dhigitiú. Tá sé i gceist ag an tionscadal seo nós imeachta achomhairc a chur i gcrích lena n-éascófar achomhairc, tarchuir agus iarratais a bheith déanta chuig an gCúirt ar bhonn leictreonach. Féadfar go mbeadh gnóthachain shuntasacha feabhsúcháin seirbhíse custaiméara mar thoradh ar phróiseas iarratais leictreonach den chineál sin. D'oibrigh an Chúirt i rith 2018 ar na dúshláin theicniúla agus oibríochtúla a bhaineann leis an aistriú i dtreo an spleáchais mhéadaithe ar shonraí atá á gcoinneáil go leictreonach mar ghné dá socruithe oibre. Tá an obair atá á déanamh ag an gCúirt sa réimse seo dírithe faoi láthair ar dhul chun cinn dáiríre a bhaint amach maidir leis an fheidhmiú céimneach le linn 2019.

Seachadann an Chúirt a feidhmeanna reachtúla trí chórais riaracháin éifeachtúla agus éifeachtacha a chur ar fáil, as a dtagann éisteachtaí éifeachtacha agus cinntí cuimsitheacha ar ardchaighdeán. Tá an Chúirt tar éis béim a fhorbairt, in 2018, ar a próisis riaracháin agus, mar thoradh air sin, in 2019 déanfar athbhreithniú agus forbairt ar a córais faisnéise bainistíochta agus fócas níos mó ar phleanáil straitéiseach agus ghnó. Éascóidh na tionscnaimh seo don Chúirt a chinntiú go bhfuil a cuid gníomhaíochtaí riaracháin ailínithe le cuspóirí straitéiseacha soiléire agus go mbeidh faisnéis shoiléir ar fáil ag an gCúirt maidir lena hualach oibre agus dul chun cinn maidir le hachomhairc, tarchuir agus iarratais a fhaightear. Tá sé ar intinn ag an gCúirt athbhreithniú ar phróisis ghnó a dhéanamh in 2019 lena dtbharfar dearbhú breise go bhfuil na nósanna imeachta riaracháin a úsáideann an Chúirt oiriúnach agus éifeachtach.

Líon na nAtreoruithe

In 2018, fuair an Chúirt 1,169 atreorú faoi na reachtanna éagsúla laistigh dá dlínse. Tá sé seo inchurtha leis an líon de 1,093 a fuarthas in 2017 gurb ionann é agus méadú de 7% é. Tháinig méadú aníos ó 382 in 2017 ar an leibhéal atreoruithe i gcásanna caidrimh thionsclaíoch, suas go dtí 399 in

2018, arb ionann sin agus méadú de 4%. Mhéadaigh leibhéal na n-atreoruithe i gcásanna cearta fostaíochta faoi 8% ó 711 in 2017 suas go 770 in 2018.

Tá na hathruithe a rinne an tAcht Caidrimh Thionscail, 2015 tar éis tionchar suntasach a imirt ar phróifíl na gcásanna a bhí á dtabhairt chun na Cúirte. In 2018, b'ionann an chomhréir d'atreoruithe a rinneadh leis an gCúirt a bhí bunaithe ar chearta fostaíochta agus 66% - níorbh ionann seo agus an chomhréir a bhí i gceist in 2015 nuair b'ionann an chomhréir d'atreoruithe díospóidí faoi chaidreamh tionsclaíoch agus cearta fostaíochta agus 50:50 caol díreach. Meastar go leanfaidh an treocht seo ina ndéantar tromlach na n-achomharc a atreorú chuig an gCúirt a thagann chun solais i limistéar na gceart fostaíochta go dtaga borradh teacht air amach anseo.

Caithfear a thabhairt chun airde, áfach, gurb ionann atreoruithe faoi chearta fostaíochta, go príomha, agus díospóidí a dhéanann difear do dhaoine aonair singil agus is gnách go mbíonn líonta an-suntasacha d'oibrithe in atreorú amháin i gceist le díospóidí comhchoiteanna i limistéar an chaidrimh thionsclaíoch. Go bunúsach, imríonn obair na Cúirte i limistéar an chaidrimh thionsclaíoch an tionchar is fairsinge ar fud an gheilleagair, gan aird ar an bpatrún atreoraithe chuig an gCúirt i dtaobh cearta fostaíochta in aghaidh caidreamh tionsclaíoch.

Léargas ginearálta ar chaidreamh tionsclaíoch

Cuirtear i gcuntas sa tuarascáil seo in áiteanna eile leibhéal leanúnach íseal de ghníomhaíocht díospóide tionsclaíche sa gheilleagar. Is ionann seo, i dtuairim na Cúirte Oibreachais, agus léiriú ar chumas oibrithe agus a n-ionadaithe agus a bhfostóirí agus a gCeardchumainn ionadaíocha chun oibriú as lámh a chéile go cuiditheach chun díospóidí a réiteach agus, sa chás gur gá, chun brath ar institiúidí an Stáit, an Chúirt Oibreachais ina measc, chun teacht ar réiteach nuair nach n-éiríonn le hoibriú as lámh a chéile.

Le linn na bliana, dhéileáil an Chúirt le líon díospóidí lenar bhain éilimh ag ceardchumainn ar mhéaduithe ar phá. Rinneadh na héilimh seo i gcoinne chúlra an fheabhsaithe choibhneasta sa gheilleagar, go ginearálta, agus ar chúinsí geilleagracha agus tráchtála go leor fostaíochta. Ba é an cur chuige lenar ghlac an Chúirt ná méaduithe ar phá a mholadh sa chás go raibh údar leis seo agus go raibh seo inbhuanaithe, agus aird ar chúinsí na bhfostaíochtaí a bhí i gceist agus neart an cháis a cuireadh chun cinn thar ceann na n-oibrithe a ndearnadh na héilimh thar a gceann.

Ina thaobh sin, ní mór a thabhairt chun solais go ndéanann an Chúirt breithniú ar gach díospóid a thagann faoina déin ar a fiúntais féin. Tá an Chúirt ar an eolas ar threochtaí i gcinntiúchán pá sa gheilleagar go ginearálta ach ní shocraíonn sí na treochtaí siúd. Lorgaíonn gach Moladh na Cúirte le dearcadh a léiriú go neamhchlaonta maidir leis an réiteach is cuí ar an díospóid san fhostaíocht ar leith a tháinig os comhair na Cúirte.

Athruithe ar bhallraíocht na Cúirte

Le linn 2018, d'fhág an Chúirt slán leis an Uasal Brendan Hayes, a d'fhóin sa phost sin mar bhall den Chúirt ar feadh nach mór naoi mbliana. Bhí gairm bheatha ar leith ag Brendan i ngluaiseacht na

gCeardchumann sular thosaigh sé ag oibriú leis an gCúirt i mí Feabhra 2010, áit ar bhain sé leas as a thaithí go léir agus é ag cur go mór le hobair na Cúirte.

Le linn 2018 ceapadh an tUasal Tom Geraghty mar Leas-Chathaoirleach na Cúirte Oibreachais agus ceapadh Jacqui Kelly, Uasal, mar Chláraitheoir.

Buíochas

Ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl d'obair agus díograis chomhaltaí agus fhoireann na Cúirte Oibreachais. Leanann a dtiomantas do sheirbhís phoiblí agus a dtiomantas do thorthaí ardchaighdeáin a chinntiú go n-éiríonn leis an gCúirt Oibreachais lena sainordú a chomhlíonadh. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil, ach go háirithe, le Ceann Riaracháin na Cúirte Oibreachais, Fiona O'Dea, a sholáthair tacaíocht agus treoir shaineolach dom chun gnóthaí riaracháin na Cúirte a bhainistiú.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Aire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta, Heather Humphreys, Uas, as an tacaíocht leanúnach a thugann sí le hobair na Cúirte. Ina theannta sin, ba mhaith liom buíochas ar leith a ghlacadh leis an Dr. Órlaigh Quinn, Ard-Rúnaí na Roinne agus leis an Uasal Clare Dunne, Ard-Rúnaí Cúnta atá freagrach as Rannán um Rialáil Ionad Oibre agus Imirce Eacnamaíoch na Roinne, agus leis an bhfoireann iomlán sa Rannán sin as a dtacaíocht leanúnach thar a bheith fiúntach i rith na bliana.

Kevin Foley
Cathaoirleach
Meitheamh 2019

Caibidil 1 Feidhmeanna na Cúirte Oibreachais

1.1 Réamhrá Ginearálta

Bunaíodh an Chúirt Oibreachais faoin Acht Caidrimh Thionscail, 1946. Is iad feidhmeanna na Cúirte cabhair a sholáthar chun saincheistanna caidrimh thionscail a réiteach. Cuireadh barr feabhais suntasach ar fhreagrachtaí agus ról na Cúirte le himeacht na mblianta mar thoradh ar an méadú a tháinig ar reachtaíocht fostaíochta náisiúnta agus Eorpach araon agus achtú an Achta Caidrimh Thionscail, 2015 a fhorlann go bhfuil dlínse aonair achomhairc ag an gCúirt Oibreachais anois i ngach díospóid a thagann chun solais faoi achtacháin um chearta fostaíochta.

Ag an tráth seo, is féidir feidhm na Cúirte a roinnt go forleathan idir a cuid oibre um chaidreamh tionsclaíoch (na saincheistanna siúd a thagann os comhair na Cúirte faoi fhorálacha na nAchtanna Caidrimh Thionscail), agus a cuid oibre um chearta fostaíochta (na cásanna a tharchuirtear chuig an gCúirt faoi achtanna na gcearta fostaíochta).

Ráiteas Misin na Cúirte Oibreachais

Socrúithe ardchaighdeán, cothroma agus neamhchlaonta a sholáthar chun díospóidí caidrimh thionsclaíoch a réiteach agus cinntiúchán a dhéanamh ar achomhairc indíospóidí bunaithe ar an dlí fostaíochta.

1.2 Caidreamh Tionsclaíoch

Déantar foráil sna hAchtanna Caidrimh Thionscail, 1946 go 2015, don bhaint a bhíonn ag an gCúirt Oibreachais san earnáil chaidrimh thionscail. Tá feidhmeanna éagsúla ag an gCúirt, agus is iad seo a leanas a príomhfheidhmeanna:

Fiosrúchán ar dhíospóidí caidrimh thionsclaíoch

Is ó iarrachtaí an Choimisiúin um Chaidreamh Oibreachais (WRC) (trí chruinnithe idir-réitigh idir na páirtithe difriúla) teacht ar réiteach comhaontaithe a thagann mórchuid de na díospóidí a thagann os comhair na Cúirte chun imscrúdú a dhéanamh orthu. Nuair a tharchuirtear díospóid chuig an gCúirt, beidh éisteacht ar curtha ar bun aici, agus eiseoidh sí 'Moladh' ina dhiaidh sin, ina leagtar amach tuairimí na Cúirte maidir le réiteach réasúnta ar an tsaincheist nó ar na saincheistanna faoi dhíospóid. Níl an Moladh ina cheangal ar na páirtithe ach táthar ag súil go ndéanfaidh na páirtithe breithniú tromchúiseach a thabhairt ar Mholadh na 'Cúirte rogha dheireanach' a d'iarr siad roimhe sin.

In ionad próiseas idir-réitigh leis an WRC, is féidir le ceachtar den dá pháirtí díospóidí a tharchur go díreach chuig an gCúirt nuair a aontaíonn siad roimh ré go nglacfaidh siad le Moladh na Cúirte.

Tá forálacha speisialta ann a bhaineann le díospóidí sa chás nach bhfuil socruithe idirbheartaíochta i bhfeidhm laistigh den fhostaíocht. I gcás dá leithéid, eiseoidh an Chúirt Moladh i ndiaidh a himscrúdaithe agus mura gcloífeadh le téarmaí an Mholta laistigh de thréimhse faoi leith, féadfaidh an Chúirt, ar iarratas, ‘Cinntiúchán’ infheidhmithe a eisiúint.

Achomhairc ar mholtaí Oifigeach Breithnithe

Féadtar díospóid chaidrimh thionsclaíoch a bhaineann le hoibrí amháin a tharchur ar dtús chuig Coimisinéir um Chearta chun Moladh a fháil. Féadfaidh ceachtar páirtí achomharc a dhéanamh chuig an gCúirt Oibreachais maidir le Moladh an Bhreithneora, agus tar éis éisteacht leis na páirtithe, eiseoidh an Chúirt ‘Cinneadh’ a bheidh de cheangal ar na páirtithe.

Clárú Comhaontuithe Fostaíochta

Déantar cur síos ar shaothar na Cúirte sa limistéar seo níos déanaí sa Tuarascáil Bhliantúil. Go ginearálta, beidh ar an gCúirt comhaontú ar phá agus coinníollacha fostaíochta a chlárú ag oibrithe d’aon aicme, saghas nó grúpa, a rinneadh idir ceardchumann nó ceardchumainn oibrithe agus ina bhfuil breis agus fostóir nó ceardchumann amháin nó níos mó, nach bhfuil ina cheangal ach ar na páirtithe leis an gcomhaontú maidir le hoibrithe na haicme, an tsaghais nó an ghrúpa sin.

Orduithe Fostaíochta Earnála

I ndiaidh don Chúirt Oibreachais iarraidh a fháil, féadfaidh sí tús a chur le hathbhreithniú a dhéanamh ar theidlíochtaí pá agus pinsin agus pá breoiteachta oibrithe in earnáil ar leith agus, má mheasann sí gur cuí, moladh a dhéanamh leis an Aire maidir leis an gceist. Féadfaidh na ceardchumainn seo a leanas an iarraidh sin a dhéanamh:

- Ceardchumann oibrithe;
- Ceardchumann nó eagraíocht fostóirí; nó
- Ceardchumann oibrithe i gcomhar le ceardchumann nó eagraíocht fostóirí. (ní mór don ceardchumann oibrithe agus an eagraíocht fostóirí ionadaíochtshubstainteach a dhéanamh d’fhostóirí agus d’oibrithe san earnáil lena mbaineann an t-iarratas).

Má tá an tAire sásta go bhfuil an próiseas dá bhforáiltear san Acht Caidrimh Thionscail (Leasú) 2015 comhlíonta ag an gCúirt Oibreachais, déanfaidh sé/sí an tOrdú. Sa chás go ndéantar an t-ordú sin, beidh sé ina cheangal i measc na hearnála lena mbaineann sé, agus beidh sé infheidhmithe ag an WRC.

Comhchoiste Oibreachais/Orduithe Fostaíochta

Déantar cur síos ar an limistéar seo gníomhaíochtaí den Chúirt Oibreachais in áit eile sa Tuarascáil seo.

Is éard atá i gComhchoiste Oibreachais (CCO) ná ionadaithe fostóirí agus oibrithe san earnáil ábhartha faoi chathaoirleach neamhspleách. Nuair a bhaineann sé comhaontú amach ar théarmaí agus coinníollacha, foilsíonn an CCO sonraí agus tugann sé cuireadh D’aighneachtaí. I ndiaidh

breithniú a dhéanamh ar aon aighneachtaí, féadfaidh an Coiste tograí a dhéanamh chun Ordú Rialaithe Fostaíochta (ORF) a dhéanamh.

Ionstraim reachtúil is ea ORF ina leagtar amach pá agus coinníollacha fostaíochta a bhaineann le gráid nó catagóirí sonraithe oibrithe in earnáil ar leith. De bhun tograí a fhaightear ón CCO don earnáil sin agus ar ghlac an Chúirt Oibreachais leo, déanann an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta ordú a dheimhníonn téarmaí an ORF má tá sí sásta gur comhlíonadh na coinníollacha reachtúla. Caithfear gach ordú a dhéanann an tAire a chur faoi bhráid gach Tí an Oireachtais agus féadtar iad a neamhniú trí rún ag ceachtar Teach.

Cóid Chleachtais

Déanann an tAcht Caidrimh Thionscail, 1990, foráil do ‘chóid chleachtais’ maidir le caidreamh tionscail a bheith ullmhaithe ag an WRC. Sa chás go bhfuil a leithéid de chód i bhfeidhm, is féidir iarratas a dhéanamh chuig an gCúirt Oibreachais chun léirmhíniú ar a téarmaí a fháil. Chomh maith leis sin, is féidir gearán a dhéanamh don Chúirt maidir le sárú cóid.

1.3 Cearta fostaíochta

Is éard a bhaineann leis an bpríomhobair don Chúirt i limistéar na gceart fostaíochta gníomhú mar an t-aon chomhlacht achomhairc amháin maidir leis na hachtacháin um chearta fostaíochta agus cinntiúcháin a eisiúint maidir le gearáin áirithe nár cuireadh cinntí Oifigeach Breithnithe i bhfeidhm¹.


Chomh maith leis sin, faomhann an Chúirt comhaontuithe ama oibre faoin Acht um Eagrú Ama Oibre, 1997 agus comhaontuithe comhchoiteanna i dtaca le fostaithe ócáideacha páirtaimseartha faoin Acht um Chosaint Fostaithe (Obair Pháirtaimseartha), 2001.

¹ Ón 1 Deireadh Fómhair, 2015, ar aghaidh, má theipeann ar fhostóir tabhairt faoi chinneadh Oifigeach an WRC nó faoi chinneadh na Cúirte Oibreachais a eascraíonn ó achomharc Oifigeach Breithnithe, laistigh den am a fhorordaítear, féadtar iarratas a dhéanamh leis an gCúirt Dúiche ar ordú a ordáíonn an fostóir/freagróir chun tabhairt faoin gcinneadh.

1.4 Struchtúr na Cúirte Oibreachais

An Chúirt Oibreachais


Cuimsítear sa Chúirt Oibreachais 13 chomhalta lánaimseartha: Cathaoirleach, ceathrar Leas-Chathaoirligh, agus ochtar Gnáthchomhaltaí, ceathrar díobh sin atá ina bhFeisirí Fostóra agus ceathrar díobh atá ina gComhaltaí ar son na bhFostaithe.



Nóta: Tagann ceapachán an Chathaoirligh, an Leas-Chathaoirligh agus an Chláraitheora ó 2015 ar aghaidh i ndhaidh comórtas poiblí arna chomhordú ag an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí. Is é an tAire Gnó, Fiontair agus Nuálaíochta a cheapann na gnáthchomhaltaí tar éis do IBEC agus ICTU comhaltaí na bhfostóirí agus comhaltaí na n-oibrithe a ainmniú faoi seach.

Éisteacht

Is é Rannán de chuid na Cúirte a bhíonn i bhfeighil gach éisteachta den Chúirt, ar a bhfuil Cathaoirleach nó Leas-Chathaoirleach na Cúirte, Comhalta Oibrí agus Comhalta Fostóra.




Cláraitheoir

Déanann Rúnaí na Cúirte Oibreachais seirbhísí agus comhairle dlí thráthúil a fhoinsiú agus a sholáthar don Chúirt Oibreachais i dtabhairt faoina feidhmeanna reachtúla.

Riarachán na Cúirte Oibreachais

Tacaíonn seirbhís riaracháin le feidhm na Cúirte Oibreachais ina bhfuil fostaithe buana arstátseirbhísigh iad agus atá mar chuid de bhunaíocht soláthair foirne na Roinne Post, Fiontar agus Nuálaíochta, atá sannaithe don Chúirt Oibreachais ar feadh tamaill.



Caibidil 2 Léirmheas ar an mBliain

2.1 Ceannlínte


In 2018, fuair an Chúirt Oibreachais:

- 1,169 atreorú
- sceidealaigh sí 945 éisteacht;
- eisíodh 504 Moladh / Cinntiúchán / Cinneadh;
- imscrúdaíodh 175 cás a réitíodh roimh éisteacht nó ag éisteacht

Anuas air sin, le linn na bliana,

- d’aistarraing páirtithe 220 achomharc roimh éisteacht.
- cuireadh 103 cás ar fionraí;
- bhí 51 cás a rinneadh cinneadh, tar éis dóibh a bheith atreoraithe, gur sháraigh siad na teorainneacha ama reachtúla chun cásanna a fháil.

Fig 1: Gníomhaíochtaí ceannlíne



Tá sé tábhachtach tabhairt faoi deara gurb í an chúis leis an difríocht idir atreoruithe a fuarthas agus cásanna a tugadh chun críche² chun solais mar gheall, in aon bhliain ar leith, go n-aistarraingeofar líon achomharc, go mbeidh siad ar feitheamh, curtha ar athlá, nó ar atráth, nó go bhfuarthas iad ró-dhéanach sa bhliain le héisteacht leo an bhliain sin. Is féidir cásanna a thosaigh i mblianta eile seachas 2018 a chur san áireamh i gcásanna dá dtagraítear mar chríochnaithe.

² Cuimsítear le “cásanna a tugadh chun críche” na hachomhairc sin a bhí (a) socraithe ag an éisteacht nó roimh di agus (b) ar eisíodh moladh, cinneadh nó breith ina leith.

Ina theannta sin, rinne an Chúirt Oibreachais athbhreithniú ar gach Comhchoiste Oibreachais (CCO) faoi alt 41A den Acht Caidrimh Thionscail, 1946 a éilíonn ar an gCúirt athbhreithniú dá leithéid a dhéanamh uair amháin gach cúig bliana ar a laghad. De réir alt 41(A)(2) den Acht, d'fhoilsigh an Chúirt fógra sna nuachtáin náisiúnta an 16 Márta 2018, inar gcuireadh in iúl go raibh athbhreithniú á dhéanamh ag an gCúirt agus go raibh sí ag lorg aighneachtaí i scríbhinn maidir leis an athbhreithniú lena dtabharfar aghaidh, agus forálacha alt 41(A) curtha san áireamh, ar na nithe atá le cur san áireamh ag an gCúirt agus í i mbun an tAthbhreithniú a dhéanamh.

Cuireadh an t-athbhreithniú i gcrích an 20 Aibreán 2018 agus chinn an Chúirt gur *“caidreamh tionsclaíoch comhchuí a bhí i dtaithí na n-earnálacha a bhí i gceist ó críochnaíodh an t-athbhreithniú deireanach. Bhí an taithí sin i gcoinne chúlra na JLCanna a bhí faoi athbhreithniú le linn na tréimhse sin. Dá bhrí sin, ní raibh an Chúirt in ann teacht ar an gcinneadh go bhfuil bagairtí ann, nó go raibh siad ann, do sheoladh comhchuí caidrimh thionsclaíocha in aon earnáil i ngeall ar a leithéid de JLCanna a bheith ann.”*

An 6 Márta 2018, tháinig Ordú Fostaíochta Earnála (Sinsearach) nua i bhfeidhm in Earnáil Chonarthach na Seirbhísí Foirgníochta Innealtóireachta Meicniúla.³ Déanann an SEO éigeantach do ghnólachtaí conarthacha ábhartha na rátaí pá a chuirtear ar fáil san Ordú a íoc le hoibrithe agus scéim pinsin agus pá breoiteachta a sholáthar. Cuimsíonn an OFS freisin nós imeachta um réiteach díospóide atá le húsáid i gcás díospóide a eascraíonn as téarma san Ordú do na catagóirí oibrithe mar atá sainmhínithe san Ordú.

2.2 Achomhairc chun na Cúirte


Ar an iomlán, tháinig méadú 7% ar atreoruithe a rinneadh leis an gCúirt Oibreachais in 2018 i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin (aníos ó 1,093 go dtí 1,169).

Is ionann an líon achomharc a rinneadh faoi na hAchtanna Caidrimh Thionscail, 1946 go 2015 agus 34% de na hatreoruithe go léir. Léirítear leis an aicme achomhairc seo méadú foriomlán de 4% ar an mbliain 2017 (ó 382 go 399).

Is ionann líon na hacomhairc faoin reachtaíocht um chearta fostaíochta agus 66% de chásanna a tháinig chun na Cúirte, arb ionann sin agus laghdú 8% anuas ó 711 in 2017 go dtí 770 in 2018.

³ Ordú Fostaíochta Earnála (Earnáil Conarthach Seirbhísí Foirgníochta Meicniúla Innealtóireachta) 2018 (I.R. Uimh 59 de 2018)

Fig 2: Achomhairc tionscail agus cearta fostaíochta chuig an gCúirt




Féach Aguisíní [1](#) agus [2](#) le haghaidh miondealú mionsonraithe ar na figiúirí achomhairc ceannlíne seo.

2.3 Cásanna críochnaithe

Cuimsítear le “cásanna a tugadh chun críche” na hachomhairc sin a bhí (a) socraithe ag an éisteacht nó roimh di agus (b) ar eisíodh moladh, cinneadh nó breith ina leith.

Ba é líon na gcásanna a tugadh chun críche in 2018 ná 679, laghdú beagáinín ó 682 in 2017 (-0.4%).

Fig 3: Cásanna comhionannais agus cásanna cearta fostaíochta a thug an Chúirt chun críche



Féach [Aguisín 1](#) agus [Aguisín 2](#) le haghaidh miondealú mionsonraithe ar na staidreamh ceannlíne seo.

De bhreis air sin, d’aistarraing páirtithe 220 cás (55 cás caidrimh thionsclaíoch agus 165 cás cearta fostaíochta) le linn 2018 i gcomparáid le 202 in 2017. Bhí líon breise de chásanna ar feitheamh nó á sceidealú ag deireadh na bliana.

2.4 Éisteachtaí sceidealaithe

Sceidealaiigh an chúirt 945 éisteacht, ar an iomlán, in 2018. Ar mhaithe leis an héisteachtaí seo, shocraigh an Chúirt suí ag 11 láthair, ar an iomlán.

Léirítear sa léarscáil bunúis na gcásanna atá sceidealaithe le héisteacht ag an gCúirt in 2018, de réir sheoladh an fhostóra.



	2018
Baile Átha Cliath	639
Corcaigh	61
Gaillimh	54
Luimneach	35
Loch Garman	19
Port Láirge	19
Sligeach	18
Tiobraid Árann	18
Ciarraí	14
Dún na nGall	13
Maigh Eo	11
Cill Chainnigh	8
Uíbh Fhailí	6
Ceatharlach	5
Lú	4
An Mhí	4
Cill Dara	4
An Clár	3
Muineachán	2
Liatroim	2
Ros Comáin	2
An Longfort	1
Laois	1
Cill Mhantáin	1
An Cabhán	1
An Iarmhí	0
Iomlán	945


2.5 Cásanna Caidrimh Thionsclaíoch

Tháinig laghdú 4% ar an líon atreoruithe a fuarthas faoi na hAchtanna Caidrimh Thionscail, 1946-2015 in 2018 i gcomparáid le 2017 (suas ó 382 go dtí 399). Tháinig laghdú de 20% ar líon na gcásanna a cuireadh i gcrích in 2018 (i.e. cásanna ar socraíodh iad nó ar eisíodh moladh ina leith) i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin (ó 316 síos go dtí 253). Ina theannta sin, tarraingíodh siar 55 cás ag páirtithe le linn 2018, síos ó 62 cheann in 2017.

Is féidir téacs gach cinn de na cásanna inar eisigh an Chúirt moladh a léamh ar láithreán gréasáin na Cúirte www.labourcourt.ie.

Tá sé tábhachtach tabhairt faoi deara, maidir leis na sonraí thíos, gurb í an chúis leis an difríocht idir atreoruithe a fuarthas agus cásanna a tugadh chun críche⁴ chun solais mar gheall, in aon bhliain ar leith, go n-aistarraingeofar líon na gcásanna, go mbeidh siad ar feitheamh, curtha ar athlá, nó ar atráth, nó go bhfuarthas iad ró- dhéanach sa bhliain le héisteacht leo an bhliain sin.

Fig 4: Gníomhaíocht chásanna caidrimh thionsclaíoch



Tá faisnéis faoi phróifíl na gcásanna caidrimh thionsclaíoch a fuarthas agus a críochnaíodh in 2018 in [Aguisín 1](#).

⁴ Cuimsítear le “cásanna a tugadh chun críche” na cásanna sin a bhí (a) socraithe ag an éisteacht nó roimh di agus (b) ar eisíodh moladh, cinneadh nó breith ina leith.


2.6 Cásanna cearta fostaíochta

Tháinig méadú de 8% ar líon na n-achomharc ar chearta fostaíochta in 2018 i gcomparáid le 2017 (ó 711 go 770). Tháinig méadú de 16% ar líon na gcásanna a cuireadh i gcrích in 2018 (i.e. cásanna ar socraíodh iad nó ar eisíodh cinneadh nó cinneadh ina leith) ar an mbliain roimhe sin (ó 366 go 426). De bhreis air sin, d'aistarraing páirtithe 165 cás le linn 2018 méadú de 140 ó fhigiúirí 2017.

Is féidir téacs gach cinn de na cásanna inar eisigh an Chúirt cinntiúcháin a léamh ar láithreán gréasáin na Cúirte www.labourcourt.ie.

Tá sé tábhachtach tabhairt faoi deara, maidir leis na sonraí thíos, gurb í an chúis leis an difríocht idir atreoruithe a fuarthas agus cásanna a tugadh chun críche⁵ chun solais mar gheall, in aon bhliain ar leith, go n-aistarraingeofar líon na gcásanna, go mbeidh siad ar feitheamh, curtha ar athlá, nó ar atráth, nó go bhfuarthas iad ró- dhéanach sa bhliain le héisteacht leo an bhliain sin.

Fig 5: Gníomhaíocht achomhairc um chearta fostaíochta



Tá faisnéis faoi phróifíl na n-achomharc cearta fostaíochta a fuarthas, a cuireadh i gcrích agus a tarraingíodh siar in 2018 in [Aguisín 2](#).

⁵ Cuimsítear le “cásanna a tugadh chun críche” na cásanna sin a bhí (a) socraithe ag an éisteacht nó roimh di agus (b) ar eisíodh moladh, cinneadh nó breith ina leith.


As na 770 achomharc cearta fostaíochta a fuair an Chúirt le linn 2018, bhí 57% (437) i ndáil le hachomhairc faoi na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach, 1997 - 2017, na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 - 2012 agus faoin Acht um Eagrú Ama Oibre, 1997.

Is iad feidhmeanna na Cúirte faoi:

- an Acht um Dhífhostú Éagórach, 1997 - 2017 ná cinneadh a dhéanamh faoi achomhairc ar chinntí Oifigh Bhreithnithe faoi na hAchtanna;
- na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 - 2008 ná cinneadh a dhéanamh faoi achomhairc ar chinntí Oifigh Bhreithnithe faoi na hAchtanna;
- an Acht um Eagrú Ama Oibre, 1997, ná:
 - comhaontuithe comhchoiteanna faoin Acht a cheadú agus a chlárú
 - cinneadh a dhéanamh faoi achomhairc ar chinntí Oifigh Bhreithnithe faoin Acht
 - cinneadh a dhéanamh faoi ghearáin nár cuireadh cinntí Oifigh Bhreithnithe i bhfeidhm faoin Acht.

Le linn 2018 ní bhfuair an Chúirt Oibreachais aon iarratais chun comhaontuithe ama oibre a cheadú faoin Acht um Eagrú Ama Oibre, 1997.

Figiúir 6: Gníomhaíocht achomharc maidir le Dífhostú Éagórach, Comhionannas agus Eagrú Ama Oibre



Feidhm eile ata ag an gCúirt Oibreachais ná:

- cinneadh a dhéanamh faoi achomhairc ar chinntí Oifigigh Bhreithnithe faoi:
 - Na hAchtanna um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta, 1994 - 2012
 - An tAcht um Íoc Pá, 1991
 - Na hAchtanna um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1964 - 2014
 - Na hAchtanna um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta, 1973 - 2005
 - An tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Téarma Shocraithe), 2003
 - An tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Pháirtaimseartha), 2001
 - An tAcht um Pá Íosta Náisiúnta 2000
- cinneadh a dhéanamh faoi ghearáin nár cuireadh cinntí Oifigigh Bhreithnithe i bhfeidhm faoi na hAchtanna seo a leanas:
 - An tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Téarma Shocraithe), 2003
 - An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005
 - An tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Pháirtaimseartha), 2001
- cinneadh a dhéanamh faoi ghearáin nár cuireadh cinntí Oifigigh Bhreithnithe i bhfeidhm faoin Acht um Pá Íosta Náisiúnta, 2000 nó nár comhlíonadh iad go hiomlán agus cinneadh a dhéanamh faoi iarratais ar dhíolúine (sealadach) ón oibleagáid chun a dteidlíochtaí a íoc le fostaithe faoin Acht.

As na hachomhairc um chearta fostaíochta a fuarthas in 2018, bhí 37% (289) díobh i ndáil le hachomhairc faoi na hachtacháin um chearta fostaíochta liostaithe thuas.

Le linn 2018, ní bhfuair an Chúirt Oibreachais aon iarratas maidir le faomhadh comhaontuithe comhchoiteanna i dtaca le fostaithe ócáideacha páirtaimseartha faoin Acht um Chosaint Fostaithe (Obair Pháirtaimseartha), 2001.

Bhain an 6% eile (44) de na hachomhairc le cearta fostaíochta a fuarthas le hachomhairc ar chinntí Oifigeach Breithiúnais faoi achtacháin éagsúla eile um chearta fostaíochta ar nós Rialacháin an AE (Cosaint Fostaithe ar Ghnóthais a Aistriú), 2003, agus an tAcht um Nochtadh Cosanta, 2014.


Féach [Aguisín 2](#) chun teacht ar staidrimh mhionsonraithe ar ghníomhaíocht cháis.

Caibidil 3 Tarchuir aighnis

3.1 Treocht cúig bliana 2014 – 2018

Bhí leibhéal leanúnach íseal de ghníomhaíocht díospóide tionsclaíche sa gheilleagar in 2018.

Fig 7: Líon na n-atreoruithe díospóidí fostaíochta 2014 - 2018



3.2 An timpeallacht chaidrimh thionsclaíoch in 2018

B'ionann an líon laethanta a cailleadh mar gheall ar dhíospóidí tionsclaíocha in 2018 agus 4,050 i gcomparáid le 50,191 in 2017.

Bhí aon díospóid tionsclaíocha amháin san earnáil airgeadais, árachais agus réadmhaoine mar chúis le 35.7% de na laethanta a cailleadh in 2018, agus 1,446 de na 4,050 lá, ar an iomlán, cailhte. Bhí deich ndíospóid thionsclaíocha ar siúl san iomlán in 2018 agus bhí 1,814 oibrí bainteach leosan.

Tábla 1: Díospóidí tionsclaíocha 2014 - 2018

Catagóir	2018	2017	2016	2015	2014
Líon na nDíospóidí	10	10	10	9	11
Líon na nGnóthas	10	* n/b	10	9	11
Líon na nOibrithe	1,814	9,456	29,372	37,760	31,665
Líon na Laethanta a Cailleadh	4,050	50,191	71,647	32,964	44,015

* Níl an líon iomlán gnóthas a bhfuil baint acu le díospóidí tionsclaíocha in 2017 ar fáil toisc nach raibh an Phríomh-Oifig Staidrimh in ann líon na ngnóthas a bhí páirteach i ndíospóid tionsclaíochta amháin san Earnáil Tógála a bhunú i R2 agus R3 2017.

Foinse An Phríomh-Oifig Staidrimh

Caibidil 4 Gníomhaíochtaí eile le linn 2018

4.1 Comhchoistí Oibreachais

Déantar foráil sna hAchtanna Caidrimh Thionscail, 1946 - 2015 do chóras Comhchoistí Oibreachais (CCOanna), meicníocht atá in ainm is a cheadú íosrátaí reachtúla pá agus coinníollacha fostaíochta in earnálacha ar leith a shocrú.

Is éard atá i CCO ná ionadaithe fostóirí agus oibrithe san earnáil ábhartha faoi chathaoirleach neamhspleách. Nuair a bhaineann sé comhaontú amach ar théarmaí agus coinníollacha, foilsíonn an CCO sonraí agus tugann sé cuireadh d'aighneachtaí. D'aighneachtaí. I ndiaidh breithniú a dhéanamh ar aon aighneachtaí, féadfaidh an Coiste tograí a dhéanamh chun Ordú Rialaithe Fostaíochta a dhéanamh (féach 4.2 thíos).

Tacaíonn an Chúirt Oibreachais le hobair na CCOanna trí Rúnaíocht, cóiríocht agus saoráidí eile dá gcruinnithe a sholáthar.

Le hAlt 41A den Acht Caidrimh Thionscail, 1946 ('An tAcht ') ceanglaítear ar an gCúirt Oibreachais athbhreithniú a dhéanamh ar gach Comhchoiste Oibreachais (JLC) uair amháin gach cúig bliana ar a laghad. Críochnaíodh an t-athbhreithniú deireanach den sórt sin an 20 Aibreán 2018. Tar éis don Aire an tAthbhreithniú sin a chríochnú agus orduithe a dhéanamh tar éis dó a bheith críochnaithe, tá na JLCanna seo a leanas ann:

1. Oibrithe Talmhaíochta
2. An Lónadóireacht
3. Glantachán chonartha
4. An Ghruagaireacht
5. Óstáin
6. Miondíol, Grósaeireacht agus Comhcheirdeanna
7. An Tionscail Slándála

4.2 Orduithe Rialaithe Fostaíochta

Ionstraim reachtúil is ea Ordú Rialaithe Fostaíochta (ERO) ina leagtar amach an pá agus na coinníollacha fostaíochta a bhaineann le gráid nó catagóirí sonracha d'oibrithe in earnáil ar leith. De bhun tograí a fhaightear ón CCO don earnáil sin agus ar ghlac an Chúirt Oibreachais leo, déanann an tAire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta ionstraim reachtúil a dheimhniú téarmaí an ORF má tá sí sásta gur comhlíonadh na coinníollacha reachtúla dá bhforáiltear san Acht Caidrimh Thionscail (Leasú) 2012.

Gníomhaíochtaí sa réimse seo in 2018

Tionóladh cruinniú JLC amháin don Earnáil Glantacháin Conartha in 2018. Ní raibh aon chruinnithe JLC ann d'earnálacha eile le linn 2018. B'ionann líon na n-iarratas ar fhoghlaimeoirí a chlárú sa cheird Gruagaireacht agus 154 in 2018.

4.3 Comhchomhairlí Tionsclaíocha

Is éard is “gComhchomhairle Tionsclaíoch” (JIC) ná comhlacht idirghabhála deonach do thionscal nó do chuid de thionscal atá ina n-ionadaí d'fhostóirí agus d'oibrithe. Má chomhlíonann sé na coinníollacha a leagtar amach sa reachtaíocht chaidrimh thionscail, féadfaidh sé iarratas ar chlárú a chur isteach chuig an gCúirt Oibreachais. Má bhíonn an Chúirt sásta leis an iarratas, cuirfidh siad an comhlacht ar Chlár na gComhchomhairlí Tionsclaíocha.

Éascaíonn an Chúirt Oibreachais na JICanna trí oifigeach den Chúirt a chur ar fáil chun gníomhú mar rúnaí ag a gcruinnithe. Ag deireadh 2018, bhí cúig JIC ghníomhacha ar an gClár agus, de réir mar a cheanglaítear le halt 23(3) den Acht Caidrimh Thionscail 1946, tá sonraí orthu seo in [Aguisín 3](#).

Gníomhaíochtaí JICanna a cláraíodh in 2018

Thionóil an JIC don Tionscal Tógála dhá chruinniú in 2018.

JICanna ‘neamhchláraithe’

Amach ó na cúig chomhlacht ar Chlár na JICanna, is ann do líon comhlachtaí eile a thugann faoi ghníomhaíochtaí comhchosúla ach nach ndearna iarratas ar chlárú – CCT an Tionscail Chonraitheoireachta Leictirí agus CCT Fhostaithe Tionscail an Stáit. Ina theannta sin, cuireann an Chúirt Oibreachais oifigeach den Chúirt ar fáil chun gníomhú mar rúnaí ag cruinnithe na gcomhlachtaí sin, agus d'fhreastail oifigigh na Cúirte ar chúig chruinniú JIC an Stáit agus dhá chruinniú den JIC don Tionscal Conraitheoirí Leictreacha le linn 2018.

4.4 Comhaontuithe Fostaíochta Cláraithe

Déantar foráil san Acht Caidrimh Thionscail (Leasú), 2015 chun meicníocht a thabhairt isteach athuair chun comhaontuithe fostaíochta a chlárú idir fostóir nó fostóirí agus ceardchumann a rialaíonn téarmaí agus coinníollacha i bhfiontair aonair.

Tugtar an sainmhíniú seo a leanas ar chomhaontú fostaíochta san Acht Caidrimh Thionscail (Leasú), 2015:

“comhaontú a bhaineann le luach saothair nó le coinníollacha fostaíochta oibrithe d’aon aicme, saghas nó grúpa a dhéantar idir ceardchumann nó ceardchumann oibrithe agus fostóir amháin nó níos mó nó ceardchumann fostóirí amháin nó níos mó, atá ina cheangal ar na páirtithe leis an gcomhaontú i dtaca le hoibrithe na haicme, an tsaghais nó an ghrúpa sin.”

Nuair a bhíonn an Chúirt Oibreachais sásta go sásaíonn comhaontú a chuirtear i láthair na ceanglais reachtúla ábhartha, cláróidh sí an comhaontú. Is é an éifeacht a bhíonn aige seo ná go ndéantar forálacha an chomhaontaithe infheidhmithe le dlí maidir le gach oibrí den aicme, saghas nó grúpa lena mbaineann sé go sainráite.

Clárúcháin in 2018

Níor cláraíodh aon chomhaontuithe fostaíochta nua in 2018.

4.5 Orduithe Fostaíochta Earnála

Déanann an tAire Ordú Fostaíochta Earnála (SEO) agus leagtar amach ann na téarmaí agus coinníollacha a bhaineann le luach saothair agus aon scéim pá breoiteachta nó scéim pinsin, de chuid na n-oibrithe d'aicme, saghas nó grúpa ar leith san earnáil gheilleagrach a gcuirtear in iúl go mbaineann an iarraidh leis.

I ndiaidh don Chúirt Oibreachais iarraidh a fháil, féadfaidh sí tús a chur le hathbhreithniú a dhéanamh ar theidlíochtaí pá agus pinsin agus pá breoiteachta oibrithe in earnáil ar leith agus, má mheasann sí gur cuí, moladh a dhéanamh leis an Aire maidir leis an gceist. Féadfaidh na ceardchumann seo a leanas an iarraidh sin a dhéanamh:

- Ceardchumann oibrithe;
- Ceardchumann nó eagraíocht fostóirí; nó
- Ceardchumann oibrithe i gcomhar le ceardchumann nó eagraíocht fostóirí. (ní mór don ceardchumann oibrithe agus an eagraíocht fostóirí ionadaíochtshubstainteach a dhéanamh d'fhostóirí agus d'oibrithe san earnáil lena mbaineann an t-iarraitas).

Más rud é go bhfuil an tAire sásta gur chomhlíon an Chúirt forálacha an Achta Caidrimh Thionscail (Leasú), 2015, déanfaidh sé/sí an tOrdú. Sa chás go ndéantar an t-ordú sin, beidh sé ina cheangal i measc na hearnála lena mbaineann sé, agus beidh sé infheidhmithe ag an WRC.

SEOanna in 2018

Fuarthas dhá iarraitas ar SEOanna in 2018. Fuarthas iarraitas amháin i mí Dheireadh Fómhair maidir leis an Earnáil Leictreach agus fuarthas an t-iarraitas eile i mí na Samhna don Earnáil Foirgníochta.

4.6 Éisteachtaí bréige na Cúirte Oibreachais

Le linn 2018, rith an Chúirt Oibreachais naoi n-éisteacht bhréige sa Chúirt Oibreachais chun deis a thabhairt don ghairm dlí, do ghrúpaí fostóirí agus do cheardchumann léargas a fháil ar fheidhmiú an chórais gar-dlí.

Reáchtáladh sé éisteacht bhréige le haghaidh ICTU arna iarraidh sin dóibh, dhá cheann le haghaidh IBEC agus ceann do Dhlí-Chumann na hÉireann.

4.7 Seirbhísí inmheánacha

Bainistíocht Airgeadais

Cistítear an Chúirt Oibreachais leis an Státchiste, tríd an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta.

Thabhaigh an Chúirt caiteachas dar luach €2.859m le linn 2018. Chuimsítear leis sin €2.504m milliún i dtaca le pá agus €0.355m i dtaca le neamhphá. Déantar airgeadas uile na Cúirte Oibreachais a riar trí bhuiséad na Roinne agus is cuid de chuntais na Roinne é. Chomh maith lena tairiscintí féin a eagrú, bhain an Chúirt leas chomh maith as aistarraingt ón Roinn i réimsí amhail oiliúint, soláthairtí agus

trealamh oifige Déantar monatóireacht sheasmhach ar an gcaiteachas agus déantar athbhreithniú air gach mí.

Chun teacht ar shonraí, féach [Aguisín 5: Tuarascáil Airgeadais don Bhliain 2018](#)

Seirbhís do Chustaiméirí

Tugtar cuntas sa Chairt um Sheirbhís do Chustaiméirí na Roinne Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta ar a tiomantas do sheirbhís ardchaighdeán do chustaiméirí a chur ar fáil, bunaithe ar na prionsabail treoracha um sheirbhís ardchaighdeán do chustaiméirí don tSeirbhís Poiblí. Measann an Chúirt gur chomhlíon sí na tiomantais a rinneadh sa Chairt um Sheirbhís do Chustaiméirí.


Meabhrán tuisceana

In 2018, d'ullmhaigh an Chúirt Oibreachais Meabhrán Tuisceana (MT) lena máthair-Roinn (an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta) i gcomhlíonadh an cheanglais faoi chinneadh an Rialtais an 15 Samhain 2011 agus faoin gClár um Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí a foilsíodh an 17 Samhain 2011 do gach Roinn chun, i measc rudaí eile, Comhaontuithe Leibhéal Seirbhíse láidre a chur i bhfeidhm lena gComhlachtaí Stáit faoi Mheitheamh 2012.

Gheall an Chúirt go soláthródh sí comhaontú leibhéal seirbhíse de réir na dtáirgí insoláthartha agus na gcritéar feidhmíochta atá sainithe ina clár oibre bliantúil atá curtha isteach aici, mar atá leagtha amach in [Aguisín 6](#) agus de réir na reachtaíochta ábhartha uile

Aguisín 1: Staidreamh ar chaidreamh tionsclaíoch

Figiúir 1.1: Cásanna caidrimh thionsclaíoch a fuarthas de réir foinse 2015 - 2018



Tábla 1.1 Próifíl de na cásanna caidrimh tionsclaíocha a fuarthas

		2018	2017
Achomhairc ar Chinntí OA Neamhfheidhmiú	Alt 13(9), an tAcht Caidrimh Thionscail, 1969	194	143
	Alt 10(1), an tAcht Caidrimh Thionscail (Forálacha Ilghnéitheacha), 2004	0	1
	Alt 45(a), An tAcht Caidrimh Thionscail, 1946	1	0
Atreorú Díreach	Alt 20(1), an tAcht Caidrimh Thionscail, 1969	70	82
	Alt 2(1), an tAcht Caidrimh Thionscail (Leasú), 2001	2	1
Seirbhís Comhréitigh	Alt 26(1), an tAcht Caidrimh Thionscail, 1990	132	154
	Alt 20(2), an tAcht Caidrimh Thionscail, 1969	0	1
Iomlán		399	382

Tábla 1.2: Cásanna Caidrimh Thionsclaíoch gníomhaíocht 2018 de réir catagóir

	Cásanna a Fuarthas		Tarraingthe Siar & Críochnaithe			Cinntí				
	Oibrí	Cuideachta	Tarraingthe Siar	Socraithe	Cinntí	Atreorú Direach	Seasadh Leis	Leasaithe	Ar Ceal	As am
Caidreamh Tionsclaíoch	335	64	55	35	218	131	29	31	25	2
Alt 13(9), an tAcht Caidrimh Thionscail, 1969	132	62	26	18	87	0	29	31	25	2
Alt 45(a), an tAch Caidrimh Thionscail, 1946	1	0	0	0	0	0	0	0	0	0
Alt 20(1), an tAcht Caidrimh Thionscail, 1969	70	0	12	9	34	34	0	0	0	0
Alt 2(1), an tAcht Caidrimh Thionscail (Leasú), 2001	2	0	1	0	3	3	0	0	0	0
Alt 26(1), an tAcht Caidrimh	130	2	16	8	94	94	0	0	0	0

Aguisín 2: Staidreamh cearta fostaíochta

Tábla 2.1: Achomhairc um chearta fostaíochta 2018 gníomhaíocht de réir catagóire

	Achomhairc a fuarthas		Tarraingthe Siar & Críochnaithe			Cinntí			
	Oibrí	Cuideachta	Tarraingthe Siar	Socráithe	Cinntí	Seasadh Leis	Ar Ceal	Leasaithe	As am
Cearta Fostaíochta	532	238	165	140	286	150	74	58	4
An Dífhostú Éagórach	156	84	49	46	74	34	22	16	2
Comhionannas	71	22	18	13	50	28	13	9	0
Eagrú Ama Oibre	63	41	32	23	30	9	8	12	1
Téarmaí Fostaíochta	53	21	14	17	19	10	4	4	1
Íocaíocht Phá	60	24	15	15	37	26	5	6	0
Obair Théarma Shocráithe	13	3	6	1	7	4	2	1	0
Obair Pháirt - aimseartha	2	2	1	1	0	0	0	0	0
Sábháilteacht, Sláinte agus Leas	23	0	1	8	3	3	0	0	0
Pá Íosta Náisiúnta	6	1	1	0	5	2	0	3	0
Íocaíochtaí Iomarcaíochta	31	10	13	4	14	5	8	1	0
Fógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta	21	19	8	5	9	3	6	0	0
Aistriú Gnóthas	7	1	3	2	19	12	5	2	0
Iompar ar Bhóithre	4	2	1	1	5	2	1	2	0
An Nochtadh Cosanta	13	1	1	1	5	4	0	1	0
Fógra Achomhairc um Chomhlíonadh	0	5	1	0	1	0	0	1	0
Obair Ghníomhaireachta Shealadach	2	1	0	0	6	6	0	0	0

Achomhairc a fuarthas			Tarraingthe Siar & Críochnaithe			Cinntí			
	Oibrí	Cuideachta	Tarraingthe Siar	Socraithe	Cinntí	Seasadh Leis	Ar Ceal	Leasaithe	As am
Saoire Thuismitheoireacht	1	0	0	1	0	0	0	0	0
Cosaint Máithreachais	2	1	1	1	0	0	0	0	0
Cosaint Fostaíochta	1	0	0	0	0	0	0	0	0
Pinsin	1	0	0	1	0	0	0	0	0
Éileamh díofa ag OA	2	0	0	0	2	2	0	0	0

Tábla 2.2: Próifíl na n-achomharc ar chearta fostaíochta a fuarthas

Alt / Acht / Feidhm	2018	2017	%
Comhionannas	93	111	-16%
Alt 83, an tAcht um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 (Achomharc i gcoinne cinneadh Oifigeach Breithnithe)	85	101	
Alt 77(12), an tAcht um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 (Achomharc in aghaidh cinneadh Oifigeach Breithnithe – teorainn ama)	8	10	
Na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach	240	195	23%
Alt 8A, na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach, 1977 - 2015	240	195	
Eagrú Ama Oibre	104	95	9%
Alt 28(1), an tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997 (Achomharc in aghaidh cinneadh Oifigeach Breithnithe)	102	86	
Alt 28(8), an tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997 (Gearán nár cuireadh cinneadh Oifigeach Breithnithe i bhfeidhm)	2	9	
An tAcht um Íoc Pá	84	80	5%
Alt 7(1), an tAcht um Íoc Pá, 1991	84	80	
Na hAchtanna um Théarmaí Fostaíochta (Faisnéis)	74	59	25%
Alt 8(1) An tAcht um Théarmaí Fostaíochta (Faisnéis), 1994 - 2018	74	59	
Cosaint Fostaithe ar Aistriú Gnóthas	8	37	-78%
Alt 11(1) Rialacháin na CE (Cosaint Fostaithe ar Aistriú Gnóthas), 2003	8	37	
Na hAchtanna um Íocaíochtaí Iomarcaíochta	41	34	21%
Na hAchtanna um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1967 - 2014	41	34	
Na hAchtanna um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta	40	28	43%
Na hAchtanna um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta, 1973 - 2005	40	28	
An tAcht um Cheartas Coiriúil (Nochtadh Cosanta)	14	11	27%

Alt /Acht / Feidhm	2018	2017	%
Alt 12(2), an tAcht um Nochtadh Cosanta, 2014	14	11	
Pá Íosta Náisiúnta	7	11	-36%
Alt 27(1), an tAcht um Pá Íosta Náisiúnta, 2000 (Achomharc i gcoinne cinneadh Oifigeach Breithnithe)	6	11	
Alt 31(1), an tAcht um Pá Íosta Náisiúnta, 2000 (Gearán nár cuireadh cinneadh Oifigeach Breithnithe i bhfeidhm)	1	0	
An Chosaint Fostaithe (Obair Pháirtaimseartha)	4	2	100%
Alt 17(1) Cosaint Fostaithe (Obair Pháirtaimseartha), 2001 (Achomharc i gcoinne cinneadh Oifigeach Breithnithe)	4	2	
Cosaint Fostaithe (Obair Théarma Shocraithe)	16	11	45%
Alt 15(1) Cosaint Fostaithe (Obair Théarma Shocraithe), 2003 (Achomharc i gcoinne cinneadh Oifigeach Breithnithe)	16	11	
Sábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair	23	12	92%
Alt 29(1), an tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 (Achomharc i gcoinne cinneadh Oifigeach Breithnithe)	23	11	
Alt 29(8), an tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 (Gearán a rinne fostaí nár cuireadh cinneadh Oifigeach Breithnithe i bhfeidhm)	0	1	
Iompar ar Bóthar	6	12	-50%
Alt 19, Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Iompar ar Bóthar) (Eagrú Ama Oibre Daoine i mbun Gníomhaíochtaí Soghluaiste Iompair ar Bhóithre), 2012	6	12	
Na hachomhairc go léir eile a fuair an Chúirt	16	13	23%
Alt 28, an tAcht Caidrimh Thionscail, 2015 (Fógra um Achomharc Comhlíonta)	5	4	
An tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Ghníomhaireachta Shealadach), 2012	3	3	
Alt 33(1), an tAcht um Chosaint Mháithreachais, 1994	3	1	
Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cosaint Fostaíochta), 2000	1	2	

Alt /Acht / Feidhm	2018	2017	%
Alt 19(1), Na hAchtanna um Shaoire do Thuismitheoirí, 1998 agus 2006	1	1	
Na hAchtanna um Chosaint Fostaithe (Dhócmhainneacht Fostóirí), 1984 - 2012	0	1	
Alt 81(1), an tAcht Pinsean, 1990	1	1	
Alt 42, an tAcht Caidrimh Thionscail, 2015 - Éileamh a rinne Oifigeach Breithnithe a Dhíbhe	2	0	
iomlán na n-achomharc cearta fostaíochta a fuarthas	770	711	8%

Aguisín 3: Comhchomhairlí Tionsclaíocha Cláraithe

Tugtar na sonraí seo a leanas de chomhlachais ar Chlár na gComhchomhairlí Tionsclaíocha le linn na tréimhse a chlúdaítear leis an tuarascáil seo; tugtar iad de réir cheangaltais alt 23(3) den Acht Caidrimh Thionscail, 1946.

1. Comh-Bhord Idir-Réitigh agus Eadrána um Thionscal Buataisí agus Bróg na hÉireann

Dáta Clárúcháin: 10 Iúil 1948

Rúnaí: C. Cronin, Uas./ C. O'Reilly, Uas. An Chúirt Oibreachais

2. An Chomhchomhairle Thionsclaíoch um Thrádáil Mórdhíola na dTorthaí agus na nGlasraí i mBaile Átha Cliath

Dáta an Chlárúcháin: 27 Eanáir 1964

Rúnaí: C. Cronin, Uas./ C. O'Reilly, Uas. An Chúirt Oibreachais

3. An Chomhchomhairle Thionsclaíoch don Tionscal Tógála

Dáta Clárúcháin: 26 Iúil 1965

Rúnaí: C. Cronin, Uas./ C. O'Reilly, Uas. An Chúirt Oibreachais

4. An Chomhchomhairle Thionsclaíoch don Tionscal Slándála

Dáta Clárúcháin: 12 Nollaig 2011

Rúnaí: C. Cronin, Uas./C. O'Reilly, Uas. An Chúirt Oibreachais

5. An Chomhchomhairle Thionsclaíoch don Tionscal Glanta ar Conradh:

Dáta Clárúcháin: 19 Nollaig 2011

Rúnaí: C. Cronin, Uas./C. O'Reilly, Uas. An Chúirt Oibreachais

Aguisín 4: Faisnéis bhreise

Tá breis faisnéise ar fáil faoi aon rud a chuimsítear sa Tuarascáil Bhliantúil seo ó:

An Chúirt Oibreachais
Teach Lansdún
Bóthar Lansdún
Baile Átha Cliath 4
D04 A3A8

Fón: (01) 613 6666

Uimhir íosghlao (má táthar ag glao lasmuigh den limistéar (01)): 1890 22 02 28

Ríomhphost: info@labourcourt.ie

Láithreán Gréasáin: www.labourcourt.ie

Ceist	Rannóg ábhartha den Chúirt Oibreachais	Teagmháil
Maidir le cás ar leith <u>roimh don</u> éisteacht	An Rannóg Cláreagraithe	(01) 6136608, 6136650, 6136610 Ríomhphost: info@labourcourt.ie
Maidir le cás ar leith <u>i ndiaidh</u> na héisteachta	Rúnaí Ábhartha na Cúirte	Faoi mar a thugtar le fios ag an éisteacht
Comhchoistí Oibreachais Comhaontuithe Fostaíochta Cláraithe/Orduithe Fostaíochta Earnála Orduithe Rialaithe Fostaíochta	Rúnaí Ábhartha na Cúirte	Faoi mar a thugtar le fios ag an éisteacht
Faisnéis ghinearálta faoi chaidreamh tionsclaíoch agus ceisteanna faoi chearta fostaíochta.	Seirbhísí do Chustaiméirí um Chaidreamh Tionsclaíoch	1890 80 80 90

Aguisín 5: Tuarascáil airgeadais don bhliain 2018

Tábla 4.1 Táirgeacht na Cúirte Oibreachais 2018

Toradh	€
Pá	2,503,096
Neamhphá	355,471
Iomlán	2,858,567

Tábla 4.2 Príomhréimsí chaiteachais neamhphá

	€
Éisteachtaí réigiúnacha	109,000
Post/Gutháin	83,650
Trealamh agus Soláthairtí Oifige	60,456
Áitreabh na hOifige	57,075

Íocaíochtaí pras

Le linn 2018, lean an Chúirt leis an Acht um Íoc Pras Cuntas, 1997 a chomhlíonadh (arna leasú ag Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála), 2002. De réir chinneadh an Rialtais S29296 an 2 Márta 2011, tá an Chúirt Oibreachais tiomanta do gach iarracht a dhéanamh soláthraithe a íoc laistigh de 15 lá ó shonrasc bailí a fháil. Nuair is gá, íocfar ús ar íocaíocht phras de réir na dtreoirlínte arna n-eisiúint ag an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta.

Aguisín 6: Clár Oibre na Cúirte Oibreachais don bhliain 2018

Eochairtháscaire Feidhmíochta agus Eochairghníomhaíochtaí

Gníomh	Feidhmíocht in 2018
Gearáin, achomhairc agus tarchur díospóidí a fháil agus a chlárú go héifeachtúil agus go héifeachtach.	Baineadh amach an sprioc maidir le gearáin/achomhairc a chlárú laistigh de 5 lá oibre óna bhfáil. Baineadh amach an sprioc chun aitheantais a eisiúint do ghearánaithe agus fógraí a eisiúint d'fhreagróirí laistigh de 5 lá oibre tar éis iad a fháil.
Soláthar a dhéanamh d'éisteacht éifeachtúil agus éifeachtach le gearáin, achomhairc agus atreoruithe díospóide agus cinntiúcháin a eisiúint dóibh.	Choinnigh an Chúirt Oibreachais amlínte níos giorra maidir le: - dátaí éisteachta a shocrú - éisteachtaí a chur ar bun - cinntiúcháin a eisiúint - cinntiúcháin a fhoilsiú ar an láithreán gréasáin
Clár um fhorbairt ghairmiúil leanúnach do Chomhaltaí na Cúirte.	D'fhreastail comhaltaí agus Leas-Chathaoirleach ar dhá chomhdháil ar chruinniú Chumann Eorpach na mBreithiúna Cúirte Oibreachais (EALCJ). Reáchtáladh trí sheimineár intí freisin.
Athbhreithniú ar JLCanna.	Críochnaíodh athbhreithniú ar JLCanna an 20 Aibreán 2018.
Rúnaíocht a sholáthar do CCOanna	Rúnaíocht arna soláthar, faoi mar a ceanglaíodh in 2018
Tograí agus iarratais a fháil agus a chinneadh go héifeachtúil agus go héifeachtach maidir le ORFanna a athrú nó a chur ar ceal.	Soláthraíodh an rúnaíocht do chruinniú JLC amháin don Earnáil Glantacháin Conartha a tionóladh in 2018.
Cinneadh a dhéanamh ar iarratais maidir le clár CCTanna a chlárú/a chur ar ceal. Rúnaíocht a sholáthar do CCTanna	Níorbh ann d'aon CCTanna nua ná níor cealaíodh aon chinn in 2018. Rúnaíocht soláthartha, faoi mar a ceanglaíodh

Gníomh	Feidhmíocht in 2018
Tograí a fháil agus a chinneadh go héifeachtúil agus go héifeachtach chun comhaontuithe fostaíochta a chlárú, a athrú nó a athbhreithniú.	Níor cláraíodh aon chomhaontuithe fostaíochta in 2018.
Próiseáil éifeachtach agus éifeachtúil ar iarratais chun scrúdú a dhéanamh ar théarmaí agus coinníollacha fostaíochta in earnáil.	Cuireadh SEO amháin faoi bhráid na Cúirte Oibreachais i rith 2017 agus shínigh an tAire é ar an 6 Márta 2018 (Earnáil Chonarthach Seirbhísí Foirgníochta Innealtóireachta Meicniúla I.R. Uimh 59 de 2018). Fuarthas dhá iarratas ar SEOanna in 2018.
Bainistíocht a dhéanamh ar an scéim clárúcháin printísigh ghruagaireachta	Sprioc bainte amach maidir le clárúchán printíseachta.